Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2026 (OR. en)**

**12846/26**

**ENV 1030**
**ENT 212**
**COMPET 1030**
**IND 527**
**SAN 639**
**CONSOM 251**
**MI 850**
**CHIMIE 110**
**DELACT 138**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6059 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 7.9.2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile fhadslabhrúla, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6059 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 6059 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.9.2026
C(2026) 6059 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 7.9.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile fhadslabhrúla, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir do Rialachán (AE) 2019/1021 sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar thruailleáin orgánacha mharthanacha ('POPanna') trí thoirmeasc, céimniú amach a luaithe is féidir, nó srianadh a dhéanamh ar tháirgeadh, ar chur ar an margadh agus ar úsáid substaintí atá faoi réir Choinbhinsiún Stócólm ar POPanna ('an Coinbhinsiún'). Ag an 12ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm, a bhí ar siúl i nGinéiv na hEilvéise ón 28 Aibreán go dtí an 9 Bealtaine 2025, rinneadh an cinneadh aigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile fhadslabhrúla, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara a áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus díolúintí sonracha áirithe ag baint leis sin. Ba cheart an cinneadh sin a léiriú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021.

Leis an ngníomh tarmligthe seo cuirtear chun feidhme cinneadh SC-12/12 chun aigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile (ACSFanna $C_9$-$C_{21}$), a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara a liostú in Iarscríbhinn A, i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/1021.

Tá srian cheana féin ar fhoghrúpa ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ (ACSFanna $C_9$-$C_{14}$) san Aontas faoi Rialachán (AE) 1907/2006 (REACH), in iontráil 68 d'Iarscríbhinn XVII. Tá sé beartaithe an grúpa ACSFanna $C_9$-$C_{21}$, mar a chumhdaítear sa liostú sa Choinbhinsiún, a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le POPanna, lena gcumhdaítear freisin an foghrúpa atá srianta cheana féin in iontráil 68 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le REACH. Tá na díolúintí a áirítear in iontráil 68 d'Iarscríbhinn XVII imithe in éag, seachas an díolúine maidir le cannabhratú le haghaidh analóirí dáileoige méadraithe brúchóirithe, a deonaíodh in iontráil 68 go dtí an 25 Lúnasa 2028, agus an díolúine maidir le leathsheoltóirí a úsáidtear i bpáirteanna athsholáthair le haghaidh trealamh leictreonach críochnaithe a cuireadh ar an margadh roimh an 31 Nollaig 2023, a deonaíodh in iontráil 68 go dtí an 31 Nollaig 2030. Níl gá a thuilleadh leis an díolúine maidir le cannabhratú le haghaidh analóirí dáileoige méadraithe brúchóirithe, mar a dheimhnigh an páirtí leasmhar ábhartha. Tá sé beartaithe an díolúine le haghaidh trealamh leictreonach críochnaithe go dtí an 31 Nollaig 2030 a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le POPanna.

Maidir leis na teorainneacha Rian-Éilleán Neamhbheartaithe (RÉNB), tá sé beartaithe úsáid a bhaint as na teorainneacha tiúchana a shonraítear in iontráil 68 le haghaidh ACSFanna $C_9$-$C_{14}$ agus teorainneacha sealadacha níos airde a shocrú le haghaidh ACSFanna $C_{15}$-$C_{21}$, mar a shonraítear thíos.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát sa ghrúpa saineolaithe ábhartha ('an cruinniú leis na húdaráis inniúla maidir le POPanna') maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe agus cuireadh barúlacha san áireamh.

Ghlac páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear an tionscal ceimiceán agus an tsochaí shibhialta, páirt freisin sa phlé maidir le haigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile

fhadslabhrúla, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara a liostú in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le POPanna sa 'chruinniú leis na húdaráis inniúla maidir le POPanna' agus cuireadh barúlacha san áireamh.

Rinneadh comhairliúchán poiblí maidir leis an dréachtghníomh trí thairseach an tsásra aiseolais ón bpobal ón 21 Samhain go dtí an 19 Nollaig 2025, agus cuireadh na barúlacha san áireamh mar a leanas.

Dúirt roinnt páirtithe leasmhara, cé go bhfuil ACSFanna $C_9$-$C_{14}$ rialáilte cheana féin faoi iontráil 68 d'Iarscríbhinn XVII, nach amhlaidh atá i gcás ACSFanna $C_{15}$-$C_{21}$. Dar leo, níl fáil faoi láthair ar chaighdeáin anailíseacha le haghaidh ACSFanna $C_{15}$, $C_{17}$ agus $C_{19}$–$C_{21}$ agus níl ach anailís leathchainníochtúil indéanta faoi láthair le haghaidh na gcomhdhúl sin. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcás roinnt meascán agus earraí ar féidir na comhdhúile sin a bheith iontu mar eisíontais. Chun aghaidh a thabhairt ar na barúlacha sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún RÉNBanna ar leithligh a shocrú go sealadach le haghaidh ACSFanna $C_9$-$C_{14}$ agus $C_{15}$-$C_{21}$ le haghaidh fluaraplaisteach agus fluaraileaistiméirí ina bhfuil sárfhluaralcocsaghrúpaí agus micreaphúdair pholaiteitreafluaireitiléine (PTFE). De réir na faisnéise a chuir páirtithe leasmhara ar fáil, is féidir leis na próisis mhonaraíochta atá ann faoi láthair agus leis na teicneolaíochtaí laghdaithe iarmharaigh tiúchan ACSFanna $C_{15}$-$C_{21}$ a theorannú go 15 ppm le haghaidh na dtáirgí sin. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún RÉNB 15 ppm ar leith a bheith ann le haghaidh $C_{15}$-$C_{21}$, ar feadh tréimhse 4 bliana, le haghaidh fluaraplaisteach agus fluaraileaistiméirí agus le haghaidh micreaphúdair PTFE araon. Tabharfaidh sé sin am do mhonaróirí tiúchan $C_{15}$-$C_{21}$ a laghdú sna táirgí ina bhfuil na substaintí sin mar eisíontais. Tar éis na tréimhse sin, bheadh feidhm ag teorainn RÉNB aonair, arna hailíniú leis an teorainn atá ann faoi láthair le haghaidh ACSFanna $C_9$-$C_{14}$, maidir le ACSFanna $C_9$-$C_{21}$. Molann an Coimisiún freisin na teorainneacha sonracha RÉNB sin a chur i bhfeidhm ní hamháin maidir le ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ a bheith i substaintí agus i meascáin, ach maidir lena láithreacht in earraí freisin, i gcás fluaraplaisteach agus fluaraileaistiméirí agus i gcás micreaphúdair PTFE araon.

Dúirt páirtí leasmhar gur cheart teorainn shonrach RÉNB a shocrú freisin le haghaidh ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ i gcúir comhraic dóiteáin, mar a dhéantar le haghaidh ASFO, a shalann agus a chomhdhúl ASFO-ghaolmhar, toisc gur féidir ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ a bheith i láthair go neamhbheartaithe i gcúir comhraic dóiteáin ar leibhéil os cionn na teorann ginearálta RÉNB freisin. Molann an Coimisiún dhá theorainn shonracha RÉNB a thabhairt isteach (1 ppm le haghaidh shuim na ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ agus 10 ppm le haghaidh na gcomhdhúl gaolmhar), agus an sprioc-am ASFO céanna i gceist (an 3 Lúnasa 2028). Agus cúir ina bhfuil ACSFanna $C_9$-$C_{21}$, a salainn agus comhdhúile ACSFanna $C_9$-$C_{21}$-ghaolmhara á mbaint de na córais comhraic dóiteáin, is féidir le cuid de na substaintí sin fanacht laistigh den chóras fiú tar éis é a ghlanadh agus d'fhéadfaidís na cúir nua atá suiteáilte a éilliú. Ar an gcaoi chéanna leis an méid a rinneadh le haghaidh ASFO, a shalann agus a chomhdhúl ASFO-ghaolmhar, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún teorainn RÉNB a shocrú le haghaidh ACSFanna $C_9$-$C_{21}$, a salann agus a gcomhdhúl ACSFanna $C_9$-$C_{21}$-ghaolmhar i gcúir comhraic dóiteáin saor ó fhluairín a shuiteáiltear tar éis an córas comhraic dóiteáin a ghlanadh. Ba cheart an teorainn sin a shocrú ag 10 mg/kg le haghaidh shuim na ACSFanna $C_9$-$C_{21}$, a salann agus a gcomhdhúl ACSF $C_9$-$C_{21}$-ghaolmhar.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún eisiamh na gcomhdhúl ASFO-ghaolmhar, a d'fhéadfadh a bheith ina gcomhdhúile ACSFanna $C_9$-$C_{21}$-ghaolmhara freisin, a chur leis an gcolún ar chlé, toisc go gcumhdaítear iad cheana féin leis an iontráil in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le POPanna le haghaidh ASFO, a shalann agus a chomhdhúl ASFO-ghaolmhar.

D'iarr roinnt páirtithe leasmhara go n-áireofaí na díolúintí i gcinneadh Choinbhinsiún Stócólm maidir le leathsheoltóirí a úsáidtear i bpáirteanna spártha. Ní áirítear in iontráil 68 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le REACH le haghaidh ACSFanna $C_9$-$C_{14}$ ach díolúine maidir le leathsheoltóirí i bpáirteanna spártha le haghaidh trealamh leictreonach, go dtí an 31 Nollaig 2030. Is amhlaidh atá toisc gur úsáideadh ceann de na ACSFanna sin d'aon ghnó i monarú leathsheoltóirí, go dtí 2023. I gcás $C_{15}$-$C_{21}$, níl aon fhaisnéis ar fáil maidir lena n-úsáid i dtáirgeadh leathsheoltóirí san Aontas. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún díolúine shonrach a chur isteach chun úsáid fhéideartha d'aon ghnó $C_{15}$-$C_{21}$ i leathsheoltóirí i bpáirteanna spártha lasmuigh den Aontas agus an láithreacht in earraí allmhairithe a chumhdach.

Trí theorainneacha sonracha RÉNB a leagan síos, tugtar aghaidh ar bharúlacha ina n-iarrtar díolúintí sonracha nó idirthréimhsí sonracha maidir le ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ a bheith in earraí mar eisíontais. D'iarr roinnt páirtithe leasmhara liosta uileghabhálach d'uimhreacha CAS a sholáthar le haghaidh substaintí a chumhdaítear leis an iontráil in Iarscríbhinn 1. Ní féidir liosta uileghabhálach a sholáthar toisc go bhféadfadh forbairtí teicniúla a bheith ina gcúis le sainaithint comhdhúile breise ACSFanna $C_9$-$C_{21}$-ghaolmhara arna sainaithint le huimhreacha CAS eile. Ullmhaíonn Rúnaíocht an Choinbhinsiúin liosta neamh-uileghabhálach agus tugann sí cothrom le dáta go tráthrialta é. Dúirt páirtí leasmhar go bhfuil riosca rialála dúbailte ann, mar gheall ar iontráil 68 atá ann cheana in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le REACH lena gcumhdaítear ACSFanna $C_9$-$C_{14}$. Mar a rinneadh roimhe seo i gcás ASFO, a shalann agus a chomhdhúl ASFO-ghaolmhar, cuirfidh an Coimisiún tús leis an nós imeachta chun iontráil 68 a bhaint d'Iarscríbhinn XVII a luaithe a ghlacfar an gníomh tarmligthe seo.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe leasaítear an liosta ceimiceán in Iarscríbhinn I ar bhonn forbairtí faoin gCoinbhinsiún, mar a cheanglaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/1021. Is é Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/1021 an bunús dlí atá leis an ngníomh tarmligthe.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 7.9.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile fhadslabhrúla, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha[1], agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear chun feidhme gealltanais an Aontais faoi Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha[2] ('an Coinbhinsiún') agus faoin bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha[3] ('an Prótacal').

(2) Tá liosta ceimiceán in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Ceanglaítear ar gach Páirtí sa Choinbhinsiún na ceimiceáin atá sa liosta a thoirmeasc nó na bearta dlíthiúla agus riaracháin is gá a dhéanamh chun deireadh a chur lena dtáirgeadh, lena n-úsáid, lena n-allmhairiú agus lena n-onnmhairiú.

(3) Le linn an 12ú cruinniú a bhí ag Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún ón 28 Aibreán go dtí an 9 Bealtaine 2025, rinne sí cinneadh, de bhun Airteagal 8(9) den Choinbhinsiún, Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú chun aigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile fhadslabhrúla, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara a áireamh san Iarscríbhinn sin agus díolúintí sonracha ag baint leis sin. Thacaigh an tAontas le haigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile fhadslabhrúla, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara a áireamh in Iarscríbhinn A agus díolúintí sonracha ag baint leis sin mar a shonraítear i gCinneadh (AE) 2025/868 ón gComhairle[4].

---

[1] IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj.

[2] (IO L 209, 31.7.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2006/507/oj).

[3] (IO L 81, 19.3.2004, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2004/259/oj).

[4] Cinneadh (AE) 2025/868 ón gComhairle an 23 Aibreán 2025 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 12ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar shíneadh a chur le díolúintí sonracha agus na tograí chun Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú (IO L, 2025/868, 12.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/868/oj).

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, ina bhfuil liosta de na substaintí a liostaítear sa Choinbhinsiún agus sa Phrótacal chomh maith le substaintí nach liostaítear ach sa Choinbhinsiún, a leasú chun aigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile fhadslabhrúla, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara a áireamh.

(5) Liostaítear grúpa aigéad carbocsaileach sárfhluarailcile fadslabhrúil, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara (ACSFanna $C_9$-$C_{14}$) in iontráil 68 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], faoi réir maoluithe áirithe, a ndeachaigh cuid acu in éag cheana. Áirítear in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún an grúpa níos leithne ACSFanna $C_9$-$C_{21}$.

(6) Níl gá a thuilleadh leis an maolú maidir le ACSFanna $C_9$-$C_{14}$ a úsáid i gcannabhratú le haghaidh análóirí dáileoige méadraithe brúchóirithe a leagtar síos in iontráil 68, mar a dheimhnigh an páirtí leasmhar ábhartha. Tá gá fós san Aontas, áfach, leis an maolú maidir le húsáid ACSFanna $C_9$-$C_{14}$ i leathsheoltóirí a úsáidtear i bpáirteanna spártha le haghaidh trealamh leictreonach críochnaithe a deonaíodh in iontráil 68 go dtí an 31 Nollaig 2030 le haghaidh trealamh leictreonach críochnaithe a cuireadh ar an margadh roimh an 31 Nollaig 2023 agus ba cheart, dá bhrí sin, é a áireamh i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021. Áirítear sa Choinbhinsiún díolúine shonrach le haghaidh ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ i leathsheoltóirí a úsáidtear i bpáirteanna spártha. Ní rialaítear an grúpa ACSFanna $C_{15}$-$C_{21}$ san Aontas go fóill agus níl aon fhaisnéis ar fáil maidir lena láithreacht i leathsheoltóirí. Dá bhrí sin, ba cheart a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 díolúine le haghaidh ACSFanna $C_{15}$-$C_{21}$, a salann agus a gcomhdhúl gaolmhar i leathsheoltóirí a úsáidtear i bpáirteanna spártha, ar choinníoll gur úsáideadh iad ar dtús i dtáirgeadh an leathsheoltóra atá le hathsholáthar nó le deisiú leis an bpáirt spártha.

(7) Chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2019/1021 san Aontas a threisiú, ba cheart teorainnluach a shocrú i ndáil le haigéid charbocsaileacha sárfhluarailcile fhadslabhrúla, a salainn agus a gcomhdhúile gaolmhara a fhaightear mar rianéilleáin neamhbheartaithe i substaintí, i meascáin agus in earraí. Ba cheart teorainnluach den sórt sin a shocrú ag 0,025 mg/kg le haghaidh shuim na ACSFanna $C_{15}$-$C_{21}$ agus a salainn agus 0,26 mg/kg le haghaidh shuim na gcomhdhúl ACSFanna $C_{15}$-$C_{21}$-ghaolmhar, i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar amach in iontráil 68 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Leagtar amach in iontráil 68 freisin teorainnluachanna sonracha le haghaidh ACSFanna $C_9$-$C_{14}$ i gcás ina bhfuil siad i bhfluaraplaistigh agus i bhfluaraileaistiméirí ina bhfuil sárfhluaralcocsaghrúpaí agus i micreaphúdair

---

[5] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

pholaiteitreafluaireitiléine. Chun gur féidir modhanna anailíseacha iomchuí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt chun láithreacht neamhbheartaithe na gcomhdhúl sin a bhaint de tháirgí, ba cheart teorainneacha ar leithligh a shocrú maidir le láithreacht ACSFanna $C_9$-$C_{14}$ agus $C_{15}$-$C_{21}$ mar rianéilleáin neamhbheartaithe i bhfluaraplaistigh agus i bhfluaraileaistiméirí ina bhfuil sárfhluaralcocsaghrúpaí agus i micreaphúdair pholaiteitreafluaireitiléine agus ba cheart na teorainneacha sin a shocrú agus a bheith bailí go dtí an 16 Nollaig 2030. Tar éis an dáta sin, ba cheart feidhm a bheith ag an teorainnluach sonrach le haghaidh ACSFanna $C_9$-$C_{14}$ maidir leis an ngrúpa iomlán ACSFanna $C_9$-$C_{21}$.

(8) Ba cheart teorainnluachanna sonracha rian-éilleán neamhbheartaithe a shocrú freisin le haghaidh ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ i gcúir comhraic dóiteáin, mar a dhéantar san iontráil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le ASFO, a shalainn agus a chomhdhúile ASFO-ghaolmhara. Dá bhrí sin, teorainnluachanna 1 mg/kg le haghaidh shuim na ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ nó aon cheann dá salainn agus 10 mg/kg le haghaidh shuim na gcomhdhúl ACSFanna $C_9$-$C_{21}$-ghaolmhar i gcúr comhraic dóiteáin le haghaidh sochtadh gaile breosla leachtaigh agus dóiteáin breosla leachtaigh (dóiteáin Aicme B) atá suiteáilte cheana féin i gcórais, ba cheart iad a shocrú agus a bheith bailí go dtí an 3 Lúnasa 2028. Leis an tréimhse ama sin, beidh a ndóthain ama ag oibreoirí chun cúir a ionadú ina bhfuil ACSFanna $C_9$-$C_{21}$ nó aon cheann dá shalainn agus dá chomhdhúile ACSFanna $C_9$-$C_{21}$-ghaolmhara os cionn na dteorainnluachanna ginearálta rian-éilleán neamhbheartaithe. Agus cúir ina bhfuil ACSFanna $C_9$-$C_{21}$, a salainn agus comhdhúile ACSFanna $C_9$-$C_{21}$-ghaolmhara á mbaint de na córais comhraic dóiteáin, is féidir le cuid de na substaintí sin fanacht laistigh den chóras fiú tar éis é a ghlanadh agus d’fhéadfaidís na cúir nua atá suiteáilte a éilliú. Ar an gcaoi chéanna leis an méid is infheidhme maidir le ASFO, a shalainn agus a chomhdhúile ASFO-ghaolmhara, ba cheart teorainnluach 10 mg/kg a shocrú le haghaidh shuim na ACSFanna $C_9$-$C_{21}$, a salann agus a gcomhdhúl ACSF $C_9$-$C_{21}$-ghaolmhar i gcúir comhraicthe dóiteáin saor ó fhluairín a shuiteáiltear tar éis an córas comhraic dóiteáin a ghlanadh.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú dá réir sin.

(10) Chun go mbeidh feidhm ag an leasú ar Chuid A d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 an tráth céanna a thiocfaidh an leasú ar an gCoinbhinsiún i bhfeidhm le haghaidh an Aontais, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Nollaig 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7.9.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*